



Coimisiún
na Meán

Treoir agus Iarratas maidir le Conarthaí Craolacháin Fuaimne Institiúideacha

Dáta foilsithe:
Feabhra 2025



Clár Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Iarratas a Dhéanamh	3
2.1 An Fhoirm Iarratais	3
2.2 Doiciméadacht Éigeantach	3
(i) Deimhniú an Rúnaí nó a Chomhionann	3
(ii) Tástáil Carachtair	4
(iii) Bunreacht Cuideachta (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais)	4
(iv) Sceideal Clár	4
(v) Léarscáil den Limistéar Saincheadúnais	4
(vi) Luachan d'Árachas Leabhail	4
(vii) Plean Urláir	5
(viii) Deimhniú maidir le Rochtain Rialaithe agus Fuaimdhíonadh	5
(ix) Deimhniú maidir le Suiteálaí Tarchurtha Deimhnithe	5
(x) Litir Thacaíochta	5
3. An Próiseas Measúnaithe	5
4. An Próiseas Cinnteoireachta	7
5. Téarmaí Conarthacha	8
6. Rochtain Phoiblí	9
Aguisín a hAon – an Fhoirm Iarratais	11
Aguisín 2 – Teimpléid de Dheimhnithe an Rúnaí	20
Aguisín a Trí – Tástáil Carachtair	26
Aguisín a Ceathair – Ceanglais maidir le Cúrsaíocht Stiúideo	27
Aguisín a Cúig – Ráiteas Beartais Cláir	28



1. Réamhrá

Le halt 68(2) den Acht Craolacháin 2009 (“Acht 2009”) foráiltear go bhféadfaidh Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) conradh craolacháin fuaime a dhéanamh le hiarratasóir chun seirbhís craolacháin fuaime faoi chumhacht íseal a sholáthar, rud nach bhfuil beartaithe fónamh ach amháin d’institiúid oideachais aonair, ospidéal nó bunaíocht chomhchosúil eile a shonrófar sa chonradh. Is iondúil go maireann téarma na gconarthaí sin idir aon bhliain amháin agus cúig bliana.

Soláthraítear an treoir agus an fhoirm iarratais seo d’iarratasóirí a chuireann isteach ar na conarthaí craolacháin fuaime seo. Tá na hiarratais uile faoi réir an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a soláthar don tseirbhís bheartaithe.

Moltar do na hiarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Craoltóirí Ceadúnaithe i gCoimisiún na Meán chun plé a dhéanamh ar aon cheistanna i ndáil le hiarratas ar chonradh craolacháin fuaime faoi alt 68(2) agus leis an bpróiseas iarratais, chun a chinntiú go bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar an gconradh craolacháin fuaime cuí agus ar an gclúdach tarchurtha is cuí don tseirbhís bheartaithe, roimh iarratas a chur isteach.

2. Iarratas a Dhéanamh

Tá an méid seo a leanas in iarratas iomlán:

- a. An Fhoirm Iarratais; agus
- b. An Doiciméadacht Éigeantach.

2.1 An Fhoirm Iarratais

Ba cheart do na hiarratasóirí an Fhoirm Iarratais atá i gceangal le h*Aguisín a hAon* a chur i gcrích. Cúig chuid atá san Fhoirm seo mar a leanas:

1. An t-iarratas agus an institiúid;
2. An tseirbhís bheartaithe;
3. Acmhainní (airgeadais agus soláthair foirne); agus,
4. Stiúideonna agus tarchur.

2.2 Doiciméadacht Éigeantach

Ní mór an doiciméadacht éigeantach seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin **leis an iarratas**. Ní chuirfidh an Coimisiún iarratas neamhiomlán san áireamh.

(i) Deimhniú an Rúnaí nó a Chomhionann

Chun conradh a dhéanamh leis an gCoimisiún, ní mór d’iarratasóir a bheith ina eagraíocht nó ina heagraíocht nó ina ghrúpa nó ina grúpa atá bunaithe go dlíthiúil, mar shampla, cuideachta, comharchumann, institiúid oideachais, ospidéal. Ní mór don iarratasóir a stádas dlíthiúil a dheimhniú agus Deimhniú de chuid an Rúnaí nó a chomhionann a chur isteach lena leagtar amach sonraí áirithe de chuid na cuideachta mar a leanas:-



- An oifig chláraithe;
- Ainm agus seoltaí stiúrthóirí na cuideachta;
- I gcás cuideachta faoi theorainn scaireanna, ainm agus seoladh gach duine atá ina úinéir dlíthiúil agus/nó tairbhiúil ar scaireanna sa Chuideachta, rudaí lena dtugtar, i dteannta a chéile, an ceart dá sealbhóir chun vótaí a chaitheamh ag cruinniú gearálta den Chuideachta a sheasann do 10% nó níos mó de na vótaí is féidir a chaitheamh ag cruinniú den sórt sin;
- I gcás cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nó comharchumainn, ainmneacha agus seoltaí chomhaltaí na cuideachta; agus
- An tOifigeach Ainmnithe (sin an duine atá údaraithe gníomhú thar ceann na cuideachta agus a bheidh ar an bpríomhphointe teagmhála don Choimisiún).

Teimpléid de Dheimhnithe an Rúnaí le haghaidh (i) cuideachta faoi theorainn scaireanna; (ii) cuideachta faoi theorainn ráthaíochta; agus (iii) comharchumainn, tá siad leagtha amach mar eolas in *Aguisín a Dó*.

Más rud é nach cuideachta, cumann ná institiúid oideachais an t-iarratasóir, **ní mór** dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún sula gcuirfidh sé nó sí a iarratas nó a hiarratas isteach chun an doiciméadacht iomchuí atá le cur isteach faoin gceannteideal seo a dheimhniú.

(ii) Tástáil Carachtair

Éilítear tástáil carachtair chomhlánaithe le haghaidh gach duine de na Stiúrthóirí agus, más infheidhme, na scairshealbhóirí

atá i gceannas ar an iarratasóir nó ag a bhfuil leas substaintiúil san iarratasóir. Léirítear an Tástáil Carachtair i bhfoirm

roinnt ceisteanna mar a leagtar amach sa Teimpléad ag *Aguisín a Trí*.

(iii) Bunreacht Cuideachta (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais)

Ní mór don iarratasóir cóip lena gcuirtear inisealacha, agus atá dátaithe, den Mheabhrán agus de na hAirteagail Chomhlachais nó de Rialacha an Chumainn dá chuid nó dá cuid a chur isteach.

Más institiúid oideachais an t-iarratasóir nó ospidéal a bhunaítear agus a rialaítear faoi reachtaíocht na hÉireann, ba cheart don iarratasóir an reachtaíocht chuí a shainaitint.

(iv) Sceideal Clár

Ba cheart Ráiteas Beartais Cláir¹ (RBC) tásach agus Sceideal Clár a áireamh leis an iarratas. Tá teimpléad RBC faoi cheangal ag *Aguisín a Cúig*.

(v) Léarscáil den Limistéar Saincheadúnais

Mar chuid d'iarratas, ba cheart léarscáil a áireamh lena léirítear suíomh an tarchuradóir agus teorainn an limistéir seirbhíse bheartaithe. Is féidir leis sin a bheith ina léarscáil fhisiceach ar scála 1:50,000 ar a laghad, nó ina léarscáil ar líne arna soláthar ag Google, Bing nó soláthraí léarscáile geografaí eile.

(vi) Luachan d'Árachas Leabhail

Ní mór don iarratasóir polasaí árachais cuí a bheith i bhfeidhm chun an tseirbhís a oibriú. Caithfidh cumhdach árachais leabhail a bheith sa pholasaí seo agus caithfear an Coimisiún a shlánú go sonrach

¹ Le RBC leagtar amach na gealltanais atá an t-iarratas toilteanach a thabhairt don Údarás maidir le príomhghnéithe de sheirbhís an chláir. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais a ndéanfar feidhmíocht an iarratasóra rathúil amach anseo a thomhas agus a mheasúnú ina coinne agus, dá réir sin, beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh caibidlíochta leis an gCoimisiún, den chonradh idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil.



faoin bpolasaí seo. **Ní mór cóip de luachan bheartaithe a chur san áireamh leis an iarratas.** Ní mór cruthúnas ar an bpolasaí deiridh do na dátaí ar an aer a chur ar fáil sula dtabharfar an chaibidlíocht chonartha i gcrích. Ní mór árachas dlíeanais phoiblí agus fostóra a bheith ag an iarratas freisin sna suimeanna sonraithe i gcomhréir le téarmaí an chonartha craolacháin fuaimne atá le bronnadh.

(vii) Plean Urláir

Ní mór don iarratasóir sonraí a sholáthar maidir le rochtain ar fhoirgnimh, spás cúrsaíochta laistigh den fhoirgneamh, leagan amach thoscán an stiúideo agus saoráidí amhail an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart plean urláir ina bhfuil na toisí ábhartha uile a bheith san áireamh sna sonraí sin. Tabhair faoi deara nach mór d'áitreabh an stiúideo a bheith i gcomhréir le Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus le ceanglais an Choimisiúin maidir le leagan amach thoscán an stiúideo lena sonraítear na ceanglais maidir le rochtain agus úsáid do dhaoine faoi mhíchumas (Aguisín a Ceathair).

(viii) Deimhniú maidir le Rochtain Rialaithe agus Fuaimdhíonadh

Ní mór rochtain rialaithe a bheith ag na stiúideonna ar an aer agus ní mór dóibh caighdeáin tionscail maidir le fuaimdhíonadh a chomhlíonadh. Ní mór don iarratasóir deimhniú a sholáthar maidir leo araon.

(ix) Deimhniú maidir le Suiteálaí Tarchurtha Deimhnithe

Ní mór suiteálaí tarchurtha deimhnithe líonraí tarchuir na stáisiún a fhormheas. Ní mór sonraí maidir leis an suiteálaí tarchurtha deimhnithe beartaithe atá le fostú chun na críche sin a chur isteach leis an iarratas.

(x) Litir Thacaíochta

I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ina thríú páirtí nó ina tríú páirtí ag a bhfuil iarratas á dhéanamh thar ceann na hinstiúide nó an ospidéal, ní mór litir thacaíochta ón instiúid nó ón ospidéal ábhartha a chur san áireamh.

Ní mór cóip amháin den iarratas, lena n-áirítear an Fhoirm agus an Doiciméadacht Éigeantach, a sheoladh **mar ríomhphost** chuig licensing@cnam.ie.

Meastar go bhfuil iarratas neamhiomlán mura soláthraítear an doiciméadacht uile a liostaítear thuas. Féachann an Coimisiún le hiarratais a phróiseáil laistigh de 60 lá ón dáta a fhaightear iarratas **iomlán**. Ní áirítear leis sin an t-achar ama a éilítear chun Conradh a chaibidlíú má bhíonn rath ar iarratas.

Dá réir sin, moltar, más féidir, go gcuirfeadh iarratasóirí iarratas isteach **laistigh de 90 lá** óna ndáta tosaigh beartaithe.

Féadfaidh an Coimisiún soiléiriú breise a lorg i ndáil le tograí ó iarratasóir. Is féidir go gcuirfeadh síneadh leis sin ar an achar ama is gá, go háirithe má chuirtear aon mhoill ar fhreagraí a chur isteach.

3. An Próiseas Measúnaithe

Tá an próiseas measúnaithe roinnte in dhá chéim mar atá leagtha amach thíos.

Céim a hAon – Réamh-mheasúnú



Nuair a fhaightear é, seiceálfaidh foireann an Choimisiúin iarratas chun a chinntiú go mbeidh sé iomlán, i.e., gur soláthraíodh an Fhoirm Iarratais agus an Doiciméadacht Éigeantach.

Mura dtéann an t-iarratas trí Chéim a hAon, cuirfear ar ais chuig an iarratasóir é. Má chomhlíonann an t-iarratasóir ceanglais Chéim a hAon, admhóidh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas. Cuirfear an t-iarratas ar aghaidh ansin chuig Céim a Dó – Measúnú Cáilíochtúil.

Céim a Dó – Measúnú Cáilíochtúil

Déanfar measúnú ar iarratais cháilitheacha faoi threoir na gcritéar seo a leanas:

1. Eolas iarratasóra

- Úinéireacht agus rialú, lena n-áirítear carachtar an iarratasóra (i.e. a chuid nó a cuid stiúrthóirí agus comhaltaí)
- An institiúid agus an sprioclucht féachana nó éisteachta.
- A mhéid a fhónfaidh an tseirbhís do leasanna agus riachtanais na hinstitiúide agus an sprioclucht féachana nó éisteachta.

2. Clársceidealú

- Ráiteas Beartais Cláir agus Sceideal Clár beartaithe an iarratasóra.
- Réimse, cineál agus cáilíocht an chlársceidealúcháin atá beartaithe.
- Na gealltanais a tugadh maidir le clársceidealú a fhorbairt thar théarma an chonartha.

3. Acmhainní (maoiniú agus soláthar foirne)

- Tograí an iarratasóra i ndáil le hacmhainní airgeadais agus soláthair foirne agus a chumas nó a cumas chun an tseirbhís a oibriú ar feadh théarma beartaithe an chonartha.
- Tograí an iarratasóra i ndáil le cleachtas agus beartais acmhainní daonna atá infheidhme maidir le fostaithe agus oibrithe deonacha na seirbhíse craolacháin fuaime.
- Tograí an iarratasóra chun a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí an chonartha craolacháin fuaime agus dualgais reachtúla.

4. Stiúideonna agus Tarchur

- Tograí an iarratasóra i ndáil le stiúideonna agus saoráidí tarchurtha a fhorbairt, lena n-áirítear rochtain iomlán a sholáthar d'fhostaithe agus cuairteoirí faoi mhíchumas.

Tabhair faoi deara: Tá sé fíor-riachtanach go bhforbrófaí stiúideonna agus saoráidí tarchurtha atá oiriúnach don fheidhm agus beidh coinne ag an gCoimisiún leis go mbeidh na háitribh stiúideonna uile i gcomhréir le Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus rochtain agus úsáid do dhaoine faoi mhíchumas. Má chreideann an t-iarratasóir nach féidir ceanglais maidir le rochtain agus úsáid do dhaoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh, moltar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún roimh iarratas a chur isteach.

5. Teist go dtí Seo

- Teist an iarratasóra go dtí seo maidir le seirbhís craolacháin a sholáthar faoi chonradh craolacháin arna shealbhú ag aon stiúrthóir nó scairshealbhóir de chuid an iarratasóra an dáta a dhéantar an t-iarratas seo nó roimh an dáta sin (más infheidhme).

6. Raon Minicíochta

- Infhaighteacht speictrim don tseirbhís bheartaithe. Tá formheas na n-iarratas uile faoi réir ComReg a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a chur ar fáil don tseirbhís bheartaithe.

Ag eascairt as an Measúnú Cáilíochtúil, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an iarratasóir eolas breise a sholáthar i ndáil le gnéithe áirithe dá iarratas nó dá hiarratas. Leagfaidh an Coimisiún achar ama síos ar laistigh de nach mór freagra ar an iarraidh sin a fháil.

Nuair atá an Measúnú Cáilíochtúil curtha i gcrích, laistigh de 60 lá ón iarratas comhlánaithe a fháil go ginearálta, ní féidir leis an iarratasóir aon athruithe breise a dhéanamh ar a iarratas nó ar a hiarratais.

Nuair a chuirfear céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil i gcrích, cuirfear tuarascáil maidir le torthaí an Mheasúnaithe Cháilíochtúil (“Tuarascáil Mheastóireachta”) faoi bhráid an Choimisiúin lena breithniú agus le cinneadh a dhéanamh ina leith.

4. An Próiseas Cinnteoireachta

Breithneoidh an Coimisiún an Tuarascáil Mheastóireachta arna hullmhú ag foireann an Choimisiúin ar bhonn an Mheasúnaithe Cháilíochtúil a fhaightear. Déanfaidh sé cinneadh ansin:

- Conradh craolacháin fuaimhe institiúideach a bhronnadh le hiarratasóir i bprionsabal, faoi réir aon téarmaí a mheasann an Coimisiún a bheith ábhartha, conclúid rathúil caibidlíochta conartha. Ina theannta sin, tá bronnadh an chonartha faoi réir ComReg a bheith in ann sannadh minicíochta oiriúnach a sholáthar don tseirbhís bheartaithe; nó
- Gan an conradh a bhronnadh.

Más rud é go mbronnar conradh ar an iarratasóir i bprionsabal:

- Cuirfidh an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh conradh i bprionsabal a bhronnadh agus faoi aon choinníollacha a ghabhann le bronnadh an chonartha.
- Ní mór don iarratasóir na coinníollacha sonrtaite uile a chomhlíonadh;
- Cuirfear dréachtchonradh ar aghaidh chuig an iarratasóir lena athbhreithniú;²
- Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoin raon minicíochta ar lena aghaidh a chuirfidh an Coimisiún iarratas faoi bhráid ComReg lena úsáid ag an tseirbhís;
- Cuirfidh an Coimisiún iarratas faoi bhráid ComReg le haghaidh an cheadúnais teicniúil is gá;
- Má chuirtear caibidlíocht chonartha i gcrích go rathúil, agus má fhorghasann ComReg ceadúnas teicniúil, eiseofar conradh formheasta deiridh chuig an iarratasóir lena shíniú, lena shéalú agus lena chur ar ais chuig an gCoimisiún.
- Ansin, déanfaidh an Coimisiún an conradh a chomhshíniú, a shéalú agus a dhátú agus seolfar cóip chuig an iarratasóir.

² Le halt 69 den Acht Craolacháin leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha nach mór a áireamh i gconradh craolacháin fuaimhe.



Más rud é nach mbronnfar conradh ar an iarratasóir:

- Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don iarratasóir faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin.

5. Téarmaí Conarthacha

Leis na téarmaí conarthacha léirítear forálacha Acht 2009 agus aon chinntí beartais ábhartha de chuid an Choimisiúin. Is doiciméid phoiblí iad na conarthaí sínithe uile agus cuirfear ar fáil don phobal iad arna iarraidh sin. Seo a leanas liosta táscach de na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha. Ní airbheartaíonn sé a bheith ina liosta uileghabhálach de na hoibleagáidí conarthacha ná reachtúla.

Úinéireacht agus Rialú

Faoi théarmaí conartha craolacháin fuaime institiúidigh ní fhéadfar aon athruithe a dhéanamh ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an gconradh gan formheas a fháil roimhe ré i scríbhinn ón gCoimisiún. Is éard atá sa dara sceideal Deimhniú an Rúnaí lena soláthraítear sonraí sonraithe stiúthóirí na cuideachta nó an phríomhphearsanra a bhaineann leis an tseirbhís.

Clársceidealú

Faoi théarmaí conartha craolacháin fuaime institiúidigh ní fhéadfar aon athruithe a dhéanamh ar an Ráiteas Beartais Cláir gan formheas a fháil roimh ré i scríbhinn ón gCoimisiún.

Ní mór clársceidealú a bheith i gcomhréir leis na forálacha ábhartha d'Acht 2009 agus leis na Cóid maidir le Seirbhísí Meán agus leis na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán atá infheidhme agus atá le fáil ag <https://www.cnam.ie/ga/>

Láimhseáil Gearán

Tá craoltóirí raidió ceadúnaithe faoi réir na ndualgas a leagtar amach i gCuid 3B d'Acht 2009 agus i gCód agus Rialacha an Choimisiúin maidir le Seirbhísí Meán atá infheidhme maidir le Craoltóirí.

- Ní mór do chraoltóirí raidió ceadúnaithe Oifigeach um Chomhlíonadh ainmnithe a bheith acu agus a áirithiú gur ann do shocruithe comhlíontachta leordhóthanacha (lena n-áirítear TF agus acmhainní daonna) chun a áirithiú go gcomhlíontar na dualgais reachtúla agus na téarmaí ar fad i gconradh craolacháin.
- Ní mór do chraoltóirí raidió ceadúnaithe Cód Cleachtais maidir le Gearáin a bheith acu chun a áirithiú gur féidir gearáin a fháil maidir le clársceidealú agus gur féidir freagra a thabhairt ar na gearáin sin.

Taifeadtaí

Ceanglaítear ar na conraitheoirí uile taifeadtaí a dhéanamh ar an ábhar uile a chraoltar i bhformáid a shonraíonn an Coimisiún agus na haicmí sin de na taifeadtaí a choimeád, ar feadh na tréimhse a shonraíonn an Coimisiún. I láthair na huaire, ceanglaíonn an Coimisiún go ndéanfar agus go gcoinneofar taifeadtaí ar an ábhar uile ar feadh 90 lá tar éis an chraolacháin.

Tarchur

Nuair a chuirtear tréimhse an chonartha i gcrích, ní mór an córas tarchurtha a mhúchadh agus a dhínascadh ar bhealach a chinnteoidh nach féidir an córas tarchurtha a athghníomhachtú gan chuimhneamh.

Ní mór do na conraitheoirí a chinntiú go mbeidh rochtain ar an tarchuradóir agus ar an trealamh gaolmhar teoranta dóibh sin ag a bhfuil taithí ar innealtóireacht minicíochta raidió. Maidir leis sin, ní mór logleabhar a



choinneáil ag an stáisiún tarchuradóra lena n-áirítear sonraí orthu sin atá údaraithe chun obair a dhéanamh ar an tarchuradóir agus na dátaí a rinneadh na hoibreacha sin; go háirithe, na dátaí a coimisiúnaíodh an stáisiún tarchuradóra agus a baineadh den oibríocht é ina dhiaidh sin, agus an duine a rinneadh amhlaidh. Beidh an logleabhar ar fáil lena iniúchadh ag an gCoimisiún.

Ní mór do chonraitheoirí an Coimisiún a chur ar an eolas, i scríbhinn, faoi aon ghearáin a fhaigheann sé i ndáil le cur isteach ar chórais sreangaithe nó gan sreang eile. Déanfaidh na hiarratasóirí gach beart réasúnta chun cur isteach den sórt sin a chosc agus déanfaidh siad aon obair feabhais a cheanglaíonn an Coimisiún nó ComReg maidir leis sin.

Conraitheoirí a oibríonn faoi chonradh craolacháin fuaimhe institiúideach, ní mór do Shuiteálaí Tarchurtha Deimhnithe a líonra tarchurtha a fhorfhéas.

Conraitheoirí a oibríonn seirbhís Institiúideach, ní mór dóibh a chinntiú go soláthróidh an t-áitreabh stiúideo óna bhfuil siad ag oibriú rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta.

6. Rochtain Phoiblí

Saoráil Faisnéise: Féadfar eolas a chur ar fáil don phobal maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi fhoilsiú aon eolais a ndéileáiltear leis mar eolas rúnda tráth an chur isteach, roimh aon chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

Ábhar Rúnda: Eolas atá rúnda dar le hiarratasóir, ní mór é a chur i láthair in aguisín a ghabhann leis an iarratas agus “rúnda” marcáilte air go soiléir. Maidir le cúiseanna an iarratasóra lena chreidiúint nár cheart don phobal an t-ábhar a gceist a rochtain, ní mór iad a leagan amach i litir chumhdaigh ar leith.

I gcás ina gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar atá curtha in aguisín rúnda ag iarratasóir a chur ar fáil lena iniúchadh, rachaidh sé i mbun plé leis an iarratasóir d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochtá. Mura féidir teacht ar chomhaontú, laistigh de thréimhse réasúnta ag féachaint d’achar ama an Choimisiúin, déileálfadh an Coimisiún leis an eolas ábhartha mar a bheith tarraingthe siar agus measfaidh sé gurb éard atá mar aighneacht an iarratasóra a mbeidh fágtha den iarratas.

Beidh gach iarratasóir freagrach as cibé údaraithe, tarscaoiltí agus/nó slánaíochtaí a sholáthar don Choimisiún a cheanglóidh sé le réasún i dtaca le hábhar atá ina iarratas nó ina hiarratas a nochtadh do dhaoine den phobal.

Comhaontuithe Tríú Páirtí: Aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le heolas rúnda agus/nó eolas atá íogair ó thaobh na tráchtála de, tá siad gan dochar d’oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ní féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bharántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

Cosaint Sonraí: Chun an próiseas iarratais seo a oibriú go héifeachtach, ceanglóimid roinnt sonraí pearsanta faoi chomhdhéanamh Bhord agus struchtúr bainistíochta an iarratasóra. Ní cheanglóimid sonraí pearsanta oibrithe deonacha agus molaimid go mór d’iarratasóirí gan aon sonraí pearsanta nach bhfuil gá leo a chur san áireamh ina n-aighneacht.



Comhlíonfaidh an Coimisiún a chuid oibleagáidí faoin Treoir maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin príobháideachais sonraí eile is infheidhme nuair atá aon eolas pearsanta den sórt sin a chuirtear isteach chuig an bpróiseas ceadúnaithe seo á láimhseáil agus á phróiseáil.

Úsáidfean an t-eolas a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon eolas pearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach ach amháin sa chás go n-éireoidh leis an iarratas. D'fhéadfadh faisnéis den sórt sin a bheith ag teastáil le haghaidh conradh amach anseo, go dtí go gcuirfean an próiseas ceadúnaithe i gcrích.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach in iarratas a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún eolas pearsanta i mbeartas foilsithe Choimisiún na Meán ag: [Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí \(cnam.ie\)](http://Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí (cnam.ie)) agus téarmaí agus coinníollacha Choimisiún na Meán ag: [Téarmaí agus Coinníollacha – Coimisiún na Meán \(cnam.ie\)](http://Téarmaí agus Coinníollacha – Coimisiún na Meán (cnam.ie)).

Tabhair faoi deara nach mór don iarratas a bheith i gcomhréir dhocht leis an bhformáid in *Aguisín a hAon* den Treoir seo agus nach mór an t-eolas uile a cheanglaítear ann a bheith ann.

- Moltar go mór d'iarratasóirí gan ach príomheolas a bhaineann leis an iarratas a chur san áireamh. Moltar d'iarratasóirí gan sonraí pearsanta nár iarradh a chur san áireamh san iarratas.
- Moltar go mór d'iarratasóirí an príomheolas uile a chur san áireamh san iarratas agus aon eolas cúltaca mionsonraithe a chur san áireamh sna hagusíní. Ba cheart na hagusíní a uimhriú go soiléir, a chrostagairt agus a shábháil i ndoiciméad PDF aonair.
- Molann an Coimisiún iarratais i leagan amach agus stíl atá soiléir, achomair agus simplí a chur isteach.
- Molann an Coimisiún gan grafaicí ná comharthaí nár iarradh a chur isteach. Maidir le haon ghrianghraif, pictiúir agus/nó ábhar aitheantais stáisiúin, ná cuir san áireamh iad i mbunchloch an togra.

Aguisín a hAon – an Fhoirm Iarratais

Cuid a haon – Eolas Iarratasóra		
1	Ainm an Iarratasóra	
2	Seoladh an Iarratasóra	
3	Stádas Dílithiúil an Iarratasóra (e.g.: cuideachta / comharchumann / institiúid oideachais / ospidéal)	
4	Uimhir Chláraithe an Iarratasóra	
5	Ainm an Oifigigh Ainmnithe (Tá an tOifigeach Ainmnithe údaraithe ag an Iarratasóir chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann agus is é nó í a bheidh mar an príomhphointe teagmhála don Choimisiún)	
6	Uimhir Theileafóin an Oifigigh Ainmnithe	
7	Seoladh Ríomhphoist an Oifigigh Ainmnithe	
8	Ainm agus seoladh gach comhalta den Bhord Stiúrthóirí nó a chomhionann.	
9	Cáilíochtaí agus taithí ábhartha an Bhoird Stiúrthóirí nó a chomhionann.	
10	Soláthair sonraí ar an institiúid a bhfuiltear le fónamh di.	
11	<p>Ainm na Sínitheoirí Údaraithe (agus a ról/a dteidil) a shíneoidh agus a shéalóidh an Conradh don Iarratasóir agus thar a cheann nó a ceann. Ní mór do na sínitheoirí sin a bheith údaraithe i gcomhréir le Bunreacht an Iarratasóra nó rialacha rialaithe comhionanna.</p> <p><u>(Tabhair faoi deara go gceanqláitear dhá shínitheoir údaraithe)</u></p>	
12	<p>Cuireann an Coimisiún an tástáil carachtair i bhfeidhm maidir leis na Stiúrthóirí, na scairshealbhóirí agus na daoine ag a bhfuil úinéireacht thairbheach ar scaireanna i gcás inarb éard atá i gceist leis an scairshealbhú leas substaintiúil san Iarratasóir, nó rialú substaintiúil air nó uirthi, agus maidir le poist ardbhainistíochta.</p> <p>Soláthair tástáil carachtair atá comhlánaithe agus sínithe le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas, <i>Aguisín a trí</i>:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Stiúrthóirí, 	



	<ul style="list-style-type: none"> • Rúnaí, • Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, • Scairshealbhóirí arb éard atá i gceist lena scairshealbhú, cibé acu go díreach nó go indéach, leas substaintiúil sa tseirbhís nó rialú substaintiúil uirthi. 	
13	An bhfuil comhalta den Bhord ainmnithe agat mar oifigeach um chomhlíonadh nó pointe teagmhála maidir le comhlíonadh do Choimisiún na Meán?	
14	An bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí conarthachta maidir le hábhar clár? An bhfuil próiseas láimhseála gearán ag an tseirbhís maidir le gearáin a bhaineann le clársceidealú?	

Cuid a dó – Clársceidealú agus an Sprioclucht Féachana nó Éisteachta

15	Déan cur síos ar an institiúid agus ar an sprioclucht féachana nó éisteachta.	
16	Sonraigh ainm an stáisiúin agus an dáta tosaithe beartaithe don tseirbhís.	
17	Tabhair sonraí i bhfoirm ráitis ar fhealsúnacht agus fíis fhoriomlán an iarratasóra maidir le craolachán don tseirbhís raidió agus conas a fhónfaidh an cháilíocht, an raon agus an cineál clársceidealúcháin do riachtanais na hinstitiúide agus an sprioclucht féachana nó éisteachta.	
18	Tabhair sonraí ar conas a bheartaíonn an t-iarratasóir an méid seo a leanas a chur chun feidhme: <ul style="list-style-type: none"> a. Léiriú an chláir b. Taighde ar an gclár c. Rialú cáilíochta d. Comhlíonadh na ngealltanais clársceidealúcháin a leagtar amach sa chonradh. 	
19	Cé na huaireanta craolacháin atá beartaithe gach lá? Soláthair miondealú ar chlársceidealú beo, réamhthairde agus uathobrithe.	



20	Cad é an cóimheas beartaithe idir caint agus ceol?	
21	Cén cineál clársceidealúcháin cainte atá beartaithe (nuacht agus cúrsaí reatha, sainspéis, an Ghaeilge, spóirt etc.)?	
22	Soláthair miondealú ar chlársceidealú nuachta agus cúrsaí reatha má bheartaítear sin, agus an céatadán de na huaireanta craolacháin atá le díriú ar an nuacht agus ar chúrsaí reatha	
23	Déan cur síos ar an aschur ceoil atá beartaithe (an fhuaim fhoriomlán, an ré, seánraí etc.)	
24	Ar an iomlán, conas a sholáthrófar ábhar éagsúil tríd an tseirbhís beartaithe nó conas a chuirfear le héagsúlacht an ábhair atá ar fáil don sprioclucht féachana nó éisteachta a bhúí léi?	
25	Déan cur síos ar conas a dhéanfar an stáisiún a fhorbairt agus a chur chun cinn ar feadh théarma an chonartha laistigh den institiúid.	
26	Más infheidhme, tabhair sonraí ar bheartas an stáisiúin i ndáil le hábhar craolta a cheannach agus a dhíol, ó eagraíochtaí craolacháin agus ó léiritheoirí neamhspleácha eile araon.	
27	Cuir isteach an (gnáth)sceideal clár seachtainiúil beartaithe lena leagtar amach na huaireanta craolacháin atá beartaithe agus sonraí ar ábhar an chláir i gceangal leis an bhfoirm seo.	

Cuid a trí – Acmhainní (Airgeadais agus Soláthair Foirne)

28	<p>Soláthair sonraí ar na príomhfhoinsí maoiniúcháin chun ceanglais na seirbhíse a chomhlíonadh agus cuir in iúl an t-achar ama le haghaidh a n-infhaighteachta:</p> <ol style="list-style-type: none"> Fóirdheontas ó institiúid Iasachtaíocht Léasú / éascaithe ag FC (luach caipitiúil) Deontais agus tabhartais Eile.⁴ 	
----	--	--

29	<p>Soláthair sonraí ar chaiteachas réamh-mheasta don tseirbhís bheartaithe agus conas a chomhlíonfar an caiteachas sin maidir leis na ceannteidil seo a leanas.⁵</p> <ol style="list-style-type: none"> Caiteachas Caipitiúil Caiteachas réamhoibríochtúil eile Caipiteal oibre (ag dáta ar an aer) Plean Gnó ar feadh na seirbhíse lena n-áireofar Ráitis Brabúis agus Cailteanais, Cláir Comhardaithe agus Sreabhaidh Airgid 	
30	<p>Soláthair, i bhfoirm tháblach, réamh-mheastacháin ioncaim agus chaiteachais do na chéad trí bliana d'oibriú, lena mínítear na toimhdí bunúsacha ar a bhfuil na réamh-mheastacháin sin bunaithe.</p>	
31	<p>Tabhair sonraí ar an struchtúr soláthair foirne atá beartaithe lena n-áirítear líon agus catagóirí na n-oibríthe deonacha/na foirne i ngach limistéar feidhme agus bunús a rannpháirtíochta (e.g., lánaimseartha, páirtaimseartha, oibrí deonach, ar conradh, oiliúnaí).</p>	
32	<p>Soláthair leibhéal agus foinse an tuarastail do gach post lánaimseartha, páirtaimseartha agus conarthach a shainaithnítear.</p>	
33	<p>Má tá sé i gceist ag an iarratasóir leas a bhaint as aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna, ba cheart na sonraí iomlána ar an scéim i gceist a sholáthar. Mar chuid de sin, ba cheart sonraí a áireamh ar aon socrúithe a rinneadh agus/nó gealltanais a fuarthas.</p>	
34	<p>Soláthair sonraí ar aon oiliúint a soláthraíodh agus/nó atá beartaithe d'oibríthe deonacha/foirne.</p>	
35	<p>Soláthair sonraí ar bheartais agus nósanna imeachta d'oibríthe deonacha/don fhoireann atá rannpháirteach in oibriú na seirbhíse.</p>	



Stiúideonna	
36	Soláthair seoladh an Stiúideo.
37	Cuir in iúl má rinneadh agus/nó má formheasadh iarratas pleanála do shaoráid an stiúideo.
38	Deimhnigh go mbeidh áitreabh beartaithe an stiúideo inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
39	<p>Soláthair líníocht mhionsonraithe lena n-áirítear toisí na stiúideonna, na saoráidí teicniúla, na limistéar oifige agus riaracháin, agus na gcóireálacha fuaimiúla atá beartaithe.</p> <p><i>Leis na léaráidí, ba cheart a léiriú go bhfuil Cuid M de na rialacháin foirgníochta agus treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le Foirgnimh do Chách á gcomhlíonadh.</i></p> <p><i>Ní mór na stiúideonna a dhearadh agus a thógáil chun na ceanglais maidir le cúrsaíocht stiúideo atá leagtha amach in Aguisín a Ceathair a chomhlíonadh.</i></p>
40	Ina theannta sin, soláthair líníocht le toisí den leithreas do dhaoine faoi mhíchumas chun suíomh an dorais, an leithris agus an bháisín níocháin a áireamh. Ba cheart a áireamh sa líníocht freisin suíomh an leithris do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil leis na limistéir stiúideo agus oifige agus an bealach ón stiúideo go dtí an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas mura bhfuil an leithreas díreach in aice leis na limistéir stiúideo agus oifige.
41	Soláthair imlíníochtaí ar an gcóras teasa, aerála agus ar an stáisiún cumhachta fuireachais agus ar an áit a bhfuil an trealamh sin le bheith:
42	Soláthair liosta de na costais mhiondealaithe d'athchóiriú foirgneamh, tógáil stiúideo, daingneáin oifige, fearais, TF, trealamh stiúideo agus trealamh teicniúil a bhaineann le craolachán.
43	Soláthair sonraí ar na sásraí slándála atá beartaithe chun bheith san airdeall ar rochtain neamhúdaráithe ar na stiúideonna ar an aer:
44	<p>Má tá sé beartaithe stiúideo, oifig, trealamh ríomhaire nó foirgnimh atá ann cheana a úsáid, cuir an méid seo a leanas in iúl:</p> <p>a. Aois an trealaimh /na saoráidí.</p> <p>b. Ionchas saoil an trealaimh.</p>



	c. Pleananna chun an trealamh / na saoráidí sin a ionadú / a athchóiriú le linn shaolré aon chonartha nua.	
45	Leag amach conas a dhéanfar rochtain an phobail a chur chun cinn agus a éascú sna gnéithe éagsúla den tseirbhís, mar shampla, suíomh agus inrochtaineacht stiúideonna.	
Tarchur		
46	Soláthair ainm agus seoladh an tsuímh tarchuradóra bheartaithe.	
47	Leag amach an réasúnaíocht don phlean tarchurtha beartaithe ina n-áirítear: (i) cur síos ginearálta ar an limistéar clúdaigh beartaithe, (ii) na sásraí trína ndéantar fuilleach clúdaigh a íoslághdú i limistéir atá lasmuigh den limistéar saincheadúnais beartaithe, agus (iii) ina sainithnítear aon limistéir a fhéadfaidh glacadh imeallach nó míshásúil a fháil. <i>Ba cheart do na hiarratasóirí a chinntiú go mbeidh a gcuid tograí tarchurtha srianta dá limistéar saincheadúnais.</i>	
48	Soláthair tábla de phríomh-shaintréithe teicniúla an stáisiúin tarchuradóra bheartaithe san fhormáid seo a leanas: Ainm an tSuímh: Comhordanáidí an tSuímh: Airde an tSuímh: Airde Aeróige os Cionn na Talún: Ní mór comhordanáidí an tsuímh a sholáthar i gceachtar de na formáidí seo: <ul style="list-style-type: none"> Formáid mhéadrach, i.e., Oirlínte agus Tuaidhlínte. Is féidir iad sin a chinneadh go héasca ó léarscáil de scála 1:50000. Formáid Domhanleithid/Domhanfhaid. Ní mór iad sin a sholáthar i gCéimeanna, Nóiméid agus Soicindí, e.g., 52° 14' 56" Thuaidh, 7° 45' 34" Thiar. Is féidir léarscáil Google/Bing ina marcáiltear an spota le "x" a sholáthar freisin chun suíomh an tarchuradóra a shoiléiriú.	
49	Déan cur síos ar an gcineál limistéir timpeall an stáisiúin tarchuradóra, e.g. limistéar tuaithe, uirbeach, tionscail.	
50	Soláthair deimhniú ó úinéir agus/nó oibreoir na saoráide tarchuradóra gur féidir an suíomh a úsáid chun na críche sin.	



51	<p>Soláthair an t-eolas breise seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> Na sonraí agus an cineál córais aeróige is gá chun an patrún radaíochta atá beartaithe don stáisiún tarchuradóra a chomhlíonadh. Sonraí ar an scagaire bandabhealaigh / ar an gcóras comhcheangail agus ar an gcúplóir treoch atá beartaithe chun a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí an cheadúnais. Sonraí ar an nasc ón stiúideo go dtí an tarchuradóir. I gcásanna ina mbeartaíonn an grúpa iarratasóra lonnú ar chrann atá ann cheana nó gar do cheann, ceanglaítear eolas maidir le húinéir agus príomhúsáideoirí an chrainn chéanna. Cuir in iúl má rinneadh agus/nó má formheasadh iarratas pleanála don tsaoráid tarchurtha. 	
52	<p>Soláthair sonraí ar shuíomh fisiciúil beartaithe an trealamh tarchuradóra ó thaobh an mhéid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Suíomh inmheánach nó seachtrach (má tá sé lonnaithe go seachtrach, ní mór sonraí ar an gcaibinéad cásála, lena n-áirítear a uiscdhíonadh, sonraíochtaí cosanta seaca a sholáthar) <p>Suíomh fisiciúil ó thaobh an mhéid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Leibhéal urláir Sonraí ar an rochtain staighre nó ardaitheora mura bhfuil sé ar urlár na talún Ag seasamh ar an urlár/crochta ar an mballa/crochta ar ardán etc. <p>(Tabhair faoi deara nach mór an trealamh uile a bheith suite ar bhealach a fhágann gur féidir rochtain air a bheith i gcomhréir le rialacháin sláinte agus sábháilteachta i ndáil le bheith ag obair go sábháilte ar airde etc. agus go bhfuil go leor spáis ann chun trealamh tástála a úsáid go sábháilte.)</p>	
53	<p>Soláthair ainm úinéir an tarchuradóra, nó má tá sé á fháil ar cíós, ainm na cuideachta cíosa.</p>	
54	<p>Soláthair costais bhuiséadacha mhiondealaithe don trealamh tarchuradóra beartaithe uile nó, i gcás ina bhfuil saoráidí á soláthar ag cuideachta tarchuradóra atá ann cheana, an costas agus na seirbhísí miondíola bliantúla don leibhéal trealamh agus seirbhíse a cheanglaítear.</p>	



Má tá áititheoirí eile ar an suíomh, tabhair sonraí ar an méid seo a leanas:

55	Liosta de na háititheoirí uile eile	
56	Gaireacht na n-aeróg nó na gcrann eile ag an suíomh i ndáil leis an aeróg agus leis an gcrann beartaithe.	
57	An cineál trealamh raidió atá á úsáid ag na háititheoirí eile.	



Seicliosta le haghaidh doiciméadachta:		
1	Foirm Iarratais	
2	Deimhniú an Rúnaí nó a chomhionann	
3	Tástálacha Carachtair Comhlánaithe	
4	Bunreacht na Cuideachta (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) nó a chomhionann	
5	Ráiteas Beartais Cláir	
6	Sceideal Clár	
7	Léarscáil den limistéar saincheadúnais	
8	Luachan le haghaidh árachais	
9	Plean urláir an stiúideo le toisí	
10	Grianghraif de shuíomh an tarchuradóir	
11	Deimhniú maidir le rochtain rialaithe agus fuaimdhíonadh	
12	Deimhniú maidir le suiteálaí tarchuradóir deimhnithe	
13	Litir thacaíochta ón institiúid más gá	

Sínithe ag an Oifigeach Ainmnithe: _____

Dáta an tSínithe: _____

Aguisín 2 – Teimpléid de Dheimhnithe an Rúnaí

a) Deimhniú Rúnaí na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil

1. Tá [Cuir isteach Ainm na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil] ina [Cuir isteach cineál na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil] a [Cuir isteach aidhmeanna na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil]. Bunaítear agus rialaítear [Cuir isteach Ainm na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil] i gcomhréir le forálacha [Cuir isteach sonraí na reachtaíochta ábhartha].
2. Tá na daoine seo a leanas ina gComhaltaí den Bhord Rialaithe [Cuir isteach Ainm na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil]
 - (i) Cuir isteach Ainm agus Seoladh an Bhaill
 - (ii) Cuir isteach Ainm agus Seoladh an Bhaill....
3. Is mian le [Cuir isteach Ainm na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil] seirbhís craolacháin fuaimhe Institiúideach a réachtáil don téarma a leagtar amach i gCuid 2 den Chonradh seo.
4. [Cuir isteach Ainm agus Seoladh] atá ina Rúnaí ar [Cuir isteach Ainm na hInstitiúide Oideachais / an Ospidéil]
5. D'údaraigh an Bord Rialaithe [Cuir isteach Ainm agus Seoladh] agus [Cuir isteach Ainm agus Seoladh] leis an gConradh seo a shíniú thar a cheann.

Arna dhátú an de [Mí] [Bliain]

RÚNAÍ

b) Deimhniú Rúnaí Cuideachta Teoranta

DEIMHNÍMSE, [Cuir isteach Ainm], ó [Seoladh], Rúnaí [Cuir isteach ainm na cuideachta] (“an Chuideachta”) LEIS SEO mar a leanas:-

- A. An Chuideachta, atá cláraithe i mBaile Átha Cliath faoi Uimh. CRO [Uimhir Chlárúcháin], tá a hoifig chláráithe ag [Cuir isteach an oifig chláráithe]
- B. Is iad seo a leanas Stiúrthóirí na Cuideachta:
- [ainm agus seoladh]
 - [ainm agus seoladh]...
- C. Ní haon duine díobh seo Stiúrthóir na Cuideachta:
- féimheach neamhscaoilte;
 - duine atá faoi réir srianadh de bhun alt 150, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb’fhéidir go ndéanfar amhlaidh; nó
 - duine a dícháilíodh ó ghníomhú mar Stiúrthóir de bhun alt 160, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb’fhéidir go ndéanfar amhlaidh.
- D. [Ainm agus Seoladh] atá ina Rúnaí ar an gCuideachta.
- E. [Ainm agus Seoladh] atá mar Oifigeach Ainmnithe ar an gCuideachta.
- F. Na tuairisceáin uile a gceanglaítear go dlíthiúil ar an gCuideachta iad a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, tá siad tugtha aici di.
- G. I míreanna I leagtar amach sonraí maidir leis na Scairshealbhóirí Suntasacha sa chuideachta. Leis an tábla leagtar amach ainm agus seoladh gach scairshealbhóra den sórt sin agus, sa tríú colún, leagtar amach na cearta vótála a bhaineann le scaireanna gach scairshealbhóra den sórt sin sa chuideachta mar chéatadán de na vótaí uile a bhféadfaidh scairshealbhóirí na Cuideachta iad a chaitheamh ag cruinnithe ginearálta.
- H. Is éard is Scairshealbhóirí Suntasach ann, chun críocha an Deimhnithe seo, scairshealbhóir a bhfuil cearta vótála ag gabháil lena scaireanna a sheasann do níos mó ná 5% de na vótaí uile ar féidir le scairshealbhóirí iad a chaitheamh sa chuideachta ag cruinnithe ginearálta.
- I. Leis an tábla seo a leanas leagtar amach sonraí i dtaobh na Scairshealbhóirí Suntasacha sa Chuideachta:-

Úinéir Cláraithe	Seoladh	Úinéir Tairbhiúil	Céatadán

- J. Níor dheonaigh an Chuideachta aon roghanna ar scaireanna.
- K. Níl aon scéim scair-rogha fostaithe i bhfeidhm ag an gCuideachta.
- L. Níor eisigh an Chuideachta stoc iasachta / d'eisigh an Chuideachta stoc iasachta mar a leanas:
- M. Níor ritheadh aon rún chun an Chuideachta a fhoirceannadh ná níor eisíodh ná níor foilsíodh aon fhógra faoi chruinniú ag a bhfuil sé beartaithe an chuideachta a fhoirceannadh. Níor cuireadh aon achainí i láthair ná níl sí ar feitheamh chun an chuideachta a fhoirceannadh, agus ní dhearnadh aon bhearta chun an chuideachta a chur faoi ghlacadóireacht, ná chun glacadóir nó scrúdaitheoir a cheapadh.

Arna dhátú an de [Mí] [Bliain]

RÚNAÍ



c) Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal Deimhniú an Rúnaí

DEIMHNÍMSE, [Cuir isteach Ainm], ó [Seoladh], Rúnaí [Cuir isteach ainm na cuideachta] (“an Chuideachta”) LEIS SEO mar a leanas:-

- A. An Chuideachta, atá cláraithe i mBaile Átha Cliath faoi Uimh. CRO [Uimhir Chlárúcháin], tá a hoifig chláráithe ag [Cuir isteach an oifig chláráithe]
- B. Is iad seo a leanas Stiúrthóirí na Cuideachta:
- i. [ainm, seoladh agus catagóir ballraíochta]
 - ii. [ainm, seoladh agus catagóir ballraíochta].....
- C. Ní haon duine díobh seo Stiúrthóir na Cuideachta:
- i. féimheach neamhscaoilte;
 - ii. duine atá faoi réir srianadh de bhun alt 150, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb’fhéidir go ndéanfar amhlaidh; nó
 - iii. duine a dícháilíodh ó ghníomhú mar Stiúrthóir de bhun alt 160, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb’fhéidir go ndéanfar amhlaidh.
- D. [Ainm agus Seoladh] atá ina Rúnaí ar an gCuideachta.
- E. [Ainm agus Seoladh] atá mar Oifigeach Ainmnithe ar an gCuideachta.
- F. Tá ballraíocht den Chuideachta oscailte dóibh seo a leanas:
- i. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh]
 - ii. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh]
 - iii. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh].....
- G. Na tuairisceáin uile a gceanglaítear go dlíthiúil ar an gCuideachta iad a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, tá siad tugtha aici di.
- H. Tá an Chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici.
- I. Níor ritheadh aon rún chun an Chuideachta a fhoirceannadh ná níor eisíodh ná níor foilsíodh aon fhógra faoi chruinniú ag a bhfuil sé beartaithe an chuideachta a fhoirceannadh. Níor cuireadh aon achainí i láthair ná níl sí ar feitheamh chun an chuideachta a fhoirceannadh, agus ní dhearnadh aon bhearta chun an chuideachta a chur faoi ghlacadóireacht, ná chun glacadóir nó scrúdaitheoir a cheapadh.

Arna dhátú an de [Mí] [Bliain]



d) Deimhniú Rúnaí Comharchumainn

DEIMHNÍMSE, [Cuir isteach Ainm], ó [Seoladh], Rúnaí [Cuir isteach ainm an Chumainn] ("an Chuideachta")
LEIS SEO mar a leanas:-

- A. An Chuideachta, atá cláraithe i mBaile Átha Cliath faoi Uimh. Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta [Cuir isteach an Uimhir], tá a hoifig chláráithe ag [Cuir isteach Seoladh na hOifige Cláráithe]
- B. Is iad seo a leanas Stiúrthóirí na Cuideachta:
- i. [ainm, seoladh agus catagóir ballraíochta]
 - ii. [ainm, seoladh agus catagóir ballraíochta].....
- C. Ní haon duine díobh seo Stiúrthóir na Cuideachta:
- i. féimheach neamhscaoilte;
 - ii. duine atá faoi réir srianadh de bhun alt 150, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb'fhéidir go ndéanfar amhlaidh; nó
 - iii. duine a dícháilíodh ó ghníomhú mar Stiúrthóir de bhun alt 160, Acht na gCuideachtaí, 1990, ós rud é gur leasaíodh nó gur fadaíodh an céanna nó go mb'fhéidir go ndéanfar amhlaidh.
- D. [Ainm agus Seoladh] atá ina Rúnaí ar an gCuideachta.
- E. [Ainm agus Seoladh] atá mar Oifigeach Ainmnithe ar an gCuideachta.
- F. Na tuairisceáin uile a gceanglaítear go dlíthiúil ar an gCuideachta iad a thabhairt do Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta, tá siad tugtha aici dó.
- G. Tá ballraíocht den Chuideachta oscailte dóibh seo a leanas:
- i. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh]
 - ii. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh]
 - iii. [Liostaigh Catagóir na Ballraíochta, an Táille agus an Teidlíocht chun Stiúrthóirí a Cheapadh].....
- H. Is éard is Scairshealbhóir Suntasach ann, chun críocha an Deimhnithe seo, scairshealbhóir a bhfuil cearta vótála ag gabháil lena scaireanna a sheasann do níos mó ná 5% de na vótaí uile ar féidir le scairshealbhóirí iad a chaitheamh sa chuideachta ag cruinnithe ginearálta.

I. Leis an tábla seo a leanas leagtar amach sonraí i dtaobh na Scairshealbhóirí Suntasacha sa Chuideachta:-

Úinéir Cláraithe	Seoladh	Úinéir Tairbhiúil	Céatadán

J. Níor dheonaigh an Chuideachta aon roghanna ar scaireanna.

K. Níl aon scéim scair-rogha fostaithe i bhfeidhm ag an gCuideachta.

L. Níor eisigh an Chuideachta stoc iasachta / d'eisigh an Chuideachta stoc iasachta mar a leanas:

M. Níor ritheadh aon rún chun an Chuideachta a fhoirceannadh ná níor eisíodh ná níor foilsíodh aon fhógra faoi chruinniú ag a bhfuil sé beartaithe an chuideachta a fhoirceannadh. Níor cuireadh aon achainí i láthair ná níl sí ar feitheamh chun an chuideachta a fhoirceannadh, agus ní dhearnadh aon bhearta chun an chuideachta a chur faoi ghlacadóireacht, ná chun glacadóir nó scrúdaitheoir a cheapadh.

Arna dhátú an de [Mí] [Bliain]

RÚNAÍ



Aguisín a Trí – Tástáil Carachtair

7. Ar ciontaíodh an t-iarratasóir i gcion riamh (seachas 'cionuithe spíonta') a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas: calaois nó mímhacántacht; ballraíocht in eagraíocht choiriúil; éilliú; cionta sceimhlitheoireachta; sciúradh airgid; maoiniú na sceimhlitheoireachta; saothar leanaí; gáinneáil ar dhaoine?
8. Ar srianadh nó ar dícháilíodh an t-iarratasóir riamh mar Stiúrthóir Cuideachta, nó ar ciontaíodh an t-iarratasóir riamh in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 sa dlínse seo nó faoi aon reachtaíocht chomhionann in aon dlínse eile?
9. Ar breithníodh an t-iarratasóir riamh ina fhéimheach nó ina féimheach, ar tháinig sé nó sí chun bheith dócmhainneach riamh nó an ndearna sé nó sí socrú deonach riamh le creidiúnaithe, nó ar ceapadh glacadóir riamh ar aon cheann dá chuid nó dá cuid sócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
10. An raibh an t-iarratasóir riamh ina stiúrthóir ar chuideachta ar ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, faoi leachtú deonach creidiúnaithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne aon socrú lena creidiúnaithe nó lena haicme creidiúnaithe?
11. Ar ciontaíodh an t-iarratasóir riamh i gcion faoi aon reachtaíocht faoina ndéantar Craolachán agus/nó Radaiteileagrafaíocht a rialú sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
12. Aon cheadúnas nó conradh de chuid an iarratasóra arna eisiúint ag comhlacht ceadúnúcháin craolacháin nó aon chomhlacht reachtúil eile, ar cuireadh ar fionraí riamh é nó ar cúlghaireadh riamh é sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
13. An raibh an t-iarratasóir riamh faoi réir aon cheann de na nithe seo a leanas: - torthaí díobhálacha ó údarás cánach, torthaí díobhálacha ó chomhlacht rialála i ndáil le mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, torthaí díobhálacha ó údarás iomaíochta i ndáil le hiompar frithiomaíoch?
14. An bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas faoi aon chúis a fhágfaidh nach cuí ná oiriúnach conradh a bhronnadh air nó uirthi?



Aguisín a Cúig – Ráiteas Beartais Cláir

Ráiteas Beartais Cláir

Cuspóir na Seirbhíse:

Spríoclucht Féachana nó Éisteachta:

Uaireanta Craolacháin:

Ábhar Craolacháin:

